
# Seacláidí na Sceilge



Eochairfhocail: gnólacht, ag táirgeadh, seacláidí, oibrithe, imníoch, tairifí.

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht. labhairt


Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1.Cá bhfuil an gnólacht Seacláidí na Sceilge suite?
2.Cén fáth a bhfuil daoine imníoch faoi?
3.Céard í an tseoid atá le feiceáil san Aigéan Atlantach amach ó Bhá Fhíonáin, i gCiarraí?
4.Cén fhad atá an gnólacht Seacláidí na Sceilge ag táirgeadh seacláidí?
5.Cad é an rud is mó ba chúis le deacrachtaí an ghnólachta le déanaí, dar le Nuacht TG4?
6.Cé mhéad duine a fhostaíonn an gnólacht i rith an tsamhraidh?
7.Cad iad na rudaí eile atá sa Ghleann, dar le Mícheál Ó Braonáin?
8.Céard iad an dá mhargadh a bhfuil oibrithe an ghnólachta ag obair faoina gcoinne go fóill?
9.Cad atá á dhéanamh ag Údarás na Gaeltachta maidir leis an scéal seo?
10. Cad is ainm don cheantar Gaeltachta as a dtagann an mhír nuachta seo?

Gníomhaíocht Smaointeoireachta:
Fíor nó Bréagach


| **Tá an gnólacht Seacláidí na Sceilge** | **F** | |
|---|---|---|
| Bunaíodh an gnólacht siar sna | | |
| Is ceantar uirbeach í Gaeltacht Uíbh | | |
| Fostaíonn an gnólacht a lán daoine | | |
| Is cuma sa tsioc le muintir na háite faoi | | |
| Tá gach duine ag obair go dian chun | | |
| Tá radharc ar Sceilg Mhichíl ó mhonarcha | | |
| Díolann an gnólacht roinnt mhaith dá | | |
| Níl aon tionchar ag tairifí Trump ar an | | |
| Tá fiacha móra ag an ngnólacht faoi láthair | | |
| Is iad margadh na Nollag agus margadh | | |

# Gníomhaíocht Labhartha:



Ag obair le do pháirtí ranga déan plé ar na gnólachtaí is mó atá in bhur gceantar féin.

·Cad is ainm do na gnólachtaí?
·Cén fhad atá siad sa cheantar?
·Cé mhéad duine atá fostaithe ag na gnólachtaí seo?
·Cad a thairgeann nó cad a dhéanann siad?
·Cén saghas áitribh atá acu?
·An ndéanann siad urraíocht ar aon chlub nó ar aon eagraíocht áitiúil?
·Cén saghas coinníollacha oibre atá ag oibrithe na ngnólachtaí?
·Cad a cheapann muintir na háite faoi na gnólachtaí seo?



# Freagraí

1. Sa Ghleann, Uíbh Ráthach, Ciarraí
2. Tá an baol ann go ndúnfar é/ caillfidh daoine a bpostanna
3. Sceilg Mhichíl
4. Ó bhí na 1990idí ann
5. Na taraifí a ghearr Donal Trump ar thairgí ag teacht isteach go Meiriceá
6. Suas le 36 duine
7. Níl aon rud eile ann nó faic
8. Margadh na Nollag agus margadh na Cásca
9. Tá siad ar an eolas faoin gcás reatha, ag faire go géar ar an scéal, tiomanta do thacaíocht a thabhairt don ghnólacht chun cabhrú lena thodhchaí a dhaingniú agus fostaíocht sa cheantar a chosaint
10. Gaeltacht Uíbh Ráthaigh

